Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

**General Certificate of Secondary Education**
**2022**

# Tíreolaíocht

Aonad 1

An Domhan Nádúrtha
Againn a Thuiscint

**[GGY11]**

*GGY11*

**DÉ LUAIN 23 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **ceithre** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **1(e)**, **2(e)** agus **4(h)**.

12985.05

## Téama A: Dobharthimpeallachtaí

1 **(a)** Bíonn creimeadh agus iompar mar chuid d'obair abhann. Comhlánaigh **Tábla 1** trí phróisis na habhann thíos a shórtáil idir creimeadh agus iompar trí shaighead a tharraingt do gach ceann. Tá ceann amháin déanta duit.

**Tábla 1**

| Creimeadh | Próiseas Abhann | Iompar |
|---|---|---|
| | Cnaí | |
| | Tarraingt | |
| | Gníomhú Hiodrálach | |
| | Preabaireacht → | → |

[3]

**(b)** Luaigh ciall an téarma **sil-leagan**.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

12985.05

**(c)** Déan staidéar ar **Ghrianghraf 1**, a thaispeánann eas san Íoslainn.

Mínigh an dóigh a bhfoirmítear eas.



*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

**Grianghraf 1**


______________________________________________________________________ [5]

**[Tiontaigh an leathanach**

(d) Déan staidéar ar **Thábla 2** thíos, a thaispeánann ceithre mhodh bainistithe tuile. Freagair na ceisteanna a leanann.

(i) Comhlánaigh **Tábla 2** trí gach modh bainistithe tuile a shainaithint. Tá ceann amháin déanta duit.

**Tábla 2**

| Modh bainistithe tuile | Ainm an mhodha |
|---|---|
|  © *Getty Images* | |
|   *Foinse: Príomhscrúdaitheoir* | |
|  © *Getty Images* | Balla tuile |
|  © *Getty Images* | |

[3]

**(ii)** Roghnaigh **aon** mhodh crua-innealtóireachta **amháin** agus cuir síos ar an dóigh a gcuidíonn sé le tuile a bhainistiú.

Modh crua-innealtóireachta: ______________________________

[gan marc ar bith]

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(iii)** Déan cur síos ar **aon** dóigh **amháin** a bhféadfadh tuile tionchar a imirt ar an timpeallacht.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**(e)** Maidir le habhainn ainmnithe taobh amuigh d'Éirinn agus den Bhreatain Mhór a ndearna tú staidéar uirthi, déan luacháil ar inbhuanaitheacht na straitéise bainistithe abhann a úsáidtear lena cuid tuilte a bhainistiú.

[7]

Spás breise:

**LEATHANACH BÁN**


**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

## Téama B: Timpeallachtaí Cósta

**2** Déan staidéar ar **Fhíor 1**, a thaispeánann dhá chineál tonnta. Freagair an cheist a leanann.




*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

**Fíor 1**

**(a)** Cuir líne faoin fhocal cheart leis na habairtí thíos faoi chóstaí agus faoi thonnta a chomhlánú.

- Tá borruisce **láidir / lag** ag tonnta tógála.
- Briseann tonnta scriosacha ag ráta **5–9 / thar 15** sa nóiméad.
- **Tógann / creimeann** cúlchaise láidir trá.
- Cuidíonn tonnta **tógála / scriosacha** le haillte a fhoirmiú.

[4]

12985.05

(b) Mínigh an dóigh a bhfoirmítear clár tonnghearrtha.

[5]

(c) Luaigh ciall an téarma **síobadh feadh cladaigh**.

[2]

[Tiontaigh an leathanach

(d) Déan staidéar ar **Fhíor 2**, a thaispeánann trí thalamhúsáid thábhachtacha, ó thaobh na heacnamaíochta de, ag an chósta. Freagair na ceisteanna a leanann.

Grianghraf A



Grianghraf B



Grianghraf C



*Foinse: © Getty Images*

**Fíor 2**

**(i)** Déan gach talamhúsáid eacnamaíochta i **dTábla 3** a mheaitseáil leis an ghrianghraf cheart. Tá ceann amháin déanta duit.

**Tábla 3**

| **Talamhúsáid eacnamaíochta** | **Grianghraf** |
|---|---|
| Ionad saoire turasóirí | |
| Gníomhaíocht chalafoirt | A |
| Calafort iascaireachta | |

[2]

**(ii)** Mínigh cad chuige a mbeadh cosaintí cósta de dhíth anois agus sa todhchaí araon ar cheantair chósta le calafoirt.

[4]

[Tiontaigh an leathanach

**(e)** Déan luacháil ar straitéis bainistithe cósta a úsáidtear in Éirinn nó sa Bhreatain Mhór le ceantar ainmnithe ar an chósta a chosaint ar dhóigh inbhuanaithe.

[8]

Spás breise:

**LEATHANACH BÁN**


**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

## Téama C: An Aimsir agus an Aeráid Againn atá ag Athrú

**3** **(a)** Déan staidéar ar **Fhíor 3**, a thaispeánann báisteach thar chodanna d'Éirinn agus den Bhreatain Mhór. Freagair na ceisteanna a leanann.




*Mar gheall ar chóipcheart tá íomhá eile in áit na híomhá a bhí ar an bhunleagan.*

© CCEA

**Fíor 3**

**(i)** Ainmnigh an chathair nach bhfuil báisteach ag tarlú inti i **bhFíor 3**.

______________________________ [1]

**(ii)** Comhlánaigh **Tábla 4** trí na cathracha a rangú in ord teochta, ag tosú leis an teocht is ísle. Tá ceann amháin déanta duit.

**Tábla 4**

| Cathair | Rang |
|---|---|
| Béal Feirste | 3 |
| Baile Átha Cliath | |
| Dún Éideann | |
| Manchain | |

[2]

**(iii)** Cuir síos ar an dóigh a mbailíonn radar baistí faisnéis ar féidir í a úsáid ansin i réamhaisnéis aimsire.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [3]

**[Tiontaigh an leathanach**

**(iv)** Is foinse eile sonraí do réamhaisnéis aimsire í satailít gheocobhsaí.

Luaigh ciall an téarma **satailít gheochobhsaí**.

______________________________________________________________________


______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

_____________________________________________________________________ [2]

**(b)** Is sampla d'adhaimsir é tornádó. Déan staidéar ar **Fhíor 4** a thugann faisnéis faoi thornádó i SAM. Freagair na ceisteanna a leanann.

## Tuairiscí tornádó ón 3ú Márta 2019




Dúirt oifigigh gur scrios tornádó stát Alabama, ag marú 23 duine.
Tá 8 nduine eile ar iarraidh go fóill agus gortaíodh 50 duine. I gcomharsanacht *Beauregard*, a bhí go díreach sa chonair aige, leagadh 120 foirgneamh.
Is beag rian atá fágtha fiú den phobal a bhí anseo lá den tsaol.

© BBC News

© National Oceanic and Atmospheric Administration (NOAA). National Weather Service

**Fíor 4**

**(i)** Agus **Fíor 4** in úsáid agat, luaigh líon na dtuairiscí tornádó ar an 3ú Márta 2019.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Cuir líne faoin líon iomlán daoine a ndeachaigh an tornádó seo i bhfeidhm orthu mar atá taispeánta i **bhFíor 4**.

**8** **23** **81** **150** [1]

**(iii)** Agus **Fíor 4** in úsáid agat, luaigh **aon** éifeacht **amháin** a bhí ag an tornádó seo ar réadmhaoin.

______________________________________________ [1]

**(c)** Tarlaíonn frithchioclóin sa gheimhreadh agus sa tsamhradh. Comhlánaigh **Tábla 5** tríd an fhocal COSÚIL nó DIFRIÚIL a scríobh le comparáid a dhéanamh idir tréithe aimsire de chuid frithchioclóin samhraidh agus gheimhridh. Tá ceann amháin déanta duit.


**Tablá 5**

| **Tréith aimsire** | **COSÚIL / DIFRIÚIL** |
|---|---|
| Teocht | |
| Luas na gaoithe | |
| Báisteach | |
| Aermhais ag imirt tionchair air | DIFRIÚIL |

[3]

**[Tiontaigh an leathanach**

**(d)** Déan staidéar ar **Fhíor 5**, a thaispeánann lagrach fronta nó córas lagbhrú. Freagair na ceisteanna a leanann.




*Original image has been replaced due to copyright.*

© CCEA

**Fíor 5**

**(i)** Cuir líne faoin fhocal cheart leis na habairtí thíos a bhaineann le córais lagbhrú a chomhlánú.

- Tá aerbhrú ag córais lagbhrú atá **os cionn / faoi** 1013 milleabar.
- Tá na teochtaí **is airde / is ísle** ag an teascóg the taobh istigh de chóras lagbhrú.
- Séideann gaotha ar **tuathal / ar deiseal** i gcóras lagbhrú. [3]

**(ii)** Mínigh cad chuige a dtarlaíonn báisteach ag an fhronta the.

[3]

**(e)** Mínigh cad é mar is féidir le gnáthghaotha dul i bhfeidhm ar an aeráid.

[5]

## Téama D: An Domhan Míshocair

**4** **(a)** Tá struchtúr an domhain déanta de cheithre chiseal dhifriúla. Comhlánaigh **Fíor 6** trí líne a tharraingt le gach ciseal a cheangal lena chur síos ceart. Tá ceann amháin déanta duit.

| Ciseal an Domhain | | | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Croí Istigh | • | • | An ciseal seachtrach agus an ciseal is tanaí den domhan. |
| Croí Amuigh | • | • | Ciseal soladach déanta d'iarann agus nicil. |
| Maintlín | • | • | Ciseal leachtach le teochtaí idir 4000 agus 6000 °C. |
| Screamh | • | • | Is é seo an ciseal is leithne den domhan. |

[3]

**Fíor 6**

**(b)** Bíonn plátaí ag bogadh i gcónaí mar gheall ar phróiseas taobh istigh de mhaintlín an domhain. Luaigh an próiseas is cúis le plátaí bheith ag bogadh.

______________________________________________ [1]

**(c)** Mínigh foirmiú **trinse aigéin** ag teorainn plátaí scriosacha.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [4]

**(d)** Luaigh ciall an téarma **scála Richter**.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

**(e)** Cuir síos ar na difríochtaí idir sciathbholcán agus bolcán cumaisc.

[3]

**(f)** Ainmnigh dhá shampla de charraig mheiteamorfach.

1.

2. [2]

**(g)** Cuir síos ar **aon** éifeacht fhéideartha **amháin** ar dhaoine dá mbrúchtfadh sárbholcán a ndearna tú staidéar air.

[3]

**(h)** Ainmnigh crith talún in TNFG (*MEDC*) nó in TBFG (*LEDC*) a ndearna tú staidéar air. Déan luacháil ar an dóigh ar ullmhaigh agus ar fhreagair an tír don teagmhas seo.

Ainm an chreatha talún ______________________________

[7]

Spás breise:

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| **Marc Iomlán** | |

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

12985.05/3
262420